SAINCHUNTAS POIST

Cúntóir Oifige (faoi oiliúint) - folúntas le COMHAR

Is é COMHAR príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge:

- a fhoilsíonn iris mhíosúil cúrsaí reatha agus liteartha, *Comhar,*
- a bhfuil inphrionta foilsitheoireachta leabhar, *Leabhair*COMHAR, aige,
- a fhoilsíonn iris acadúil phiarmheasta ar líne, COMHAR*Taighde*,
- a bhfuil baint aige le tionscadail eile in earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge.

Tuilleadh eolais ar fáil ag: comhar.ie/eolas/maidir-le-comhar

Ról

Tá Cúntóir Oifige (faoi oiliúint), ról páirtaimseartha, á earcú a bheidh ag obair ar thograí COMHAR - iris *Comhar* agus *Leabhair*COMHAR go príomha. Beidh an té a cheapfar ag plé le tascanna a bhaineann le riarachán, poiblíocht agus foilsitheoireacht.

Conradh dhá lá sa tseachtain ar feadh tréimhse 12 mhí ó thús mhí an Mheithimh 2026 atá i gceist. Is féidir go gcuirfear síneadh leis an gconradh ag deireadh na tréimhse sin.

Is post faoi oiliúint é seo. Cuirfear deiseanna éagsúla oiliúna ar fáil idir oiliúint inmheánach agus sheachtrach chun na scileanna cuí atá de dhíth chun feidhmiú go rathúil in earnáil na foilsitheoireachta a fhorbairt. Deis iontach í seo do dhuine spreagtha a bhfuil spéis aige/aici cur lena scileanna agus taithí go praiticiúil. Gheobhaidh an Cúntóir deiseanna fiúntacha chun cur lena cumas obair i dtreo gairm san earnáil.

Ionad oibre

Tá oifig COMHAR lonnaithe ar Shráid Harrington, BÁC 8. Obair ar an láthair go príomha atá i gceist leis an ról seo.

D'fhéadfaí deiseanna áirithe obair chumaisc a bheith ar fáil, ag brath ar riachtanais oibre ó sheachtain go seachtain, agus an tréimhse phromhaidh i gcrích, ach beidh gá le bheith san oifig ar feadh líon áirithe uaireanta gach seachtain.

Dualgais

Cuirfidh an Cúntóir tacaíocht ghinearálta ar fáil do COMHAR i réimsí éagsúla, mar shampla:

- Orduithe a ullmhú agus a chur amach
- Plé le cuntais COMHAR ar na meáin shóisialta
- Ábhar poiblíochta agus margaíochta a fhorbairt
- Ócáidí: Cabhrú lena n-eagrú agus freastal ar chuid acu
- Catalóg *Comhar* agus *Leabhair*COMHAR a choinneáil suas chun dáta
- Cúraimí eile de réir mar a thagann siad chun cinn

Tabharfaidh an Cúntóir faoi na dualgais éagsúla faoi stiúir, agus le tacaíocht ó, fhoireann COMHAR.

Scileanna riachtanacha

- Caighdeán maith Gaeilge agus Béarla idir labhartha agus scríofa
- Ábaltacht cúraimí éagsúla a láimhseáil ag aon am amháin agus spriocanna a bhaint amach
- An cumas glacadh le treoir agus obair mar chuid de fhoireann bheag
- Stuaim ag obair go neamhspleách
- Inniúlacht agus taithí ar bhogearraí éagsúla, m.sh. Microsoft Office, Google Drive, Adobe agus eile

Inmhianaithe

- Cáilíocht sa Ghaeilge/san aistriúchán nó i mbun staidéir sa réimse
- Taithí riaracháin agus/nó margaíochta
- Taithí leis na meáin shóisialta a úsáid
- Scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta
- Ceadúnas iomlán tiomána agus rochtain ar charr
- Spéis sa léitheoireacht

Iarratais

Tuilleadh eolais faoin bpost ar fáil ó gno@comhar.ie

Iarratais trí mheán na Gaeilge amháin.

Chun cur isteach ar an bhfolúntas seo, seol na nithe seo a leanas chuig gno@comhar.ie faoi **mheán lae, Dé hAoine, 10 Aibreán 2026**:

1. Litir iarratais
2. CV
3. Deimhniú an mbeidh/nach mbeidh tú ar fáil le freastal ar agallamh i mBaile Átha Cliath ar an 23 Aibreán 2026.